



Seicliosta CV

Bain úsáid as an eolas seo a leanas chun athbhreithniú a dhéanamh ar do CV. Déan iarracht an oiread freagraí "Tá" a fháil agus is féidir leat sula ndéanann tú athbhreithniú ar do CV san Ionad Forbartha Gairme

	TA?	NÍL?
Sonraí pearsanta		
An bhfuil an fostóir in ann teagmháil a dhéanamh leat go héasca ag an seoladh seo?		
An bhfuil seoladh ríomhphoist curtha ar fáil agat a sheiceálann tú go rialta?		
An bhfuil an seoladh ríomhphoist "gairmiúil"? (e.g. tá d'ainm ann seachas leasainm)		
An bhfuil do chuid sonraí pearsanta coinnithe agat faoi aon trian de leathanach?		
An bhfuil do náisiúntacht agus do stádas oibre luaite go sonrach agat? (mic léinn idirnáisiúnta)		
Oideachas		
An bhfuil níos mó ná liosta cáilíochtaí agus gráid sa chuid seo? D'fhéadfá tionscadail agus ábhair chuí chur isteach anseo.		
An bhfuil teideal do chúrsa / creidiúnú cruinn?		
An bhfuil an toradh a bhfuil súil agat leis sa bhliain deiridh luaite agat má tá tú sa bhliain deiridh? <i>Ná bíodh inní ort má tá sé uaillmhianach le hais torthaí na chéad bhliana nó an dara bliain – má tá sé réalaíoch cuir isteach é</i>		
An bhfuil an cháilíocht is deireanaí nó is tábhachtaí liostaithe ar dtús?		
An bhfuil modúil/tionscadail ábhartha liostaithe agat?		
An bhfuil a choibhéis de cháilíocht a baineadh amach go hidirnáisiúnta liostaithe agat? (mic léinn idirnáisiúnta)		
An bhfuil aon scoláireacht nó dámhachtain acadúil luaite agat?		
Taithí Oibre		
An bhfuil réimse leathan taithí curtha síos agat - An raibh tú ag obair sa ghnó sa bhaile, obair dheonach nó páirteach i gcumainn na hollscoile?		
An bhfuil níos mó eolais curtha ar fáil agat faoi thaithí ábhartha?		
An bhfuil dátaí, teideal poist, ainm fostóra agus freagrachtaí do gach post tugtha agat?		
An bhfuil an cineál gnó a bhí i gceist murar léir é ó ainm an fhostóra luaite agat?		
An bhfuil teanga dhearfach in úsáid agat - ar thosaigh tú freagrachtaí an phoist le briathar?		
Scileanna		
Má tá scileanna liostaithe agat, an bhfuil na scileanna a luadh sa phost, sonraíocht an phoist nó ábhar bolscaireachta an fhostóra curtha san áireamh agat?		
An bhfuil samplaí in úsáid agat chun na scileanna sin a léiriú? <i>Is féidir samplaí a úsáid as réimse saoil ar bith, sa bhaile, go hacadúil, ón obair, caitheamh aimsire, cumainn ollscoile, etc.</i>		

	TÁ?	NÍL?
An bhfuil na scileanna atá forbartha agat ar an gcúrsa luaite agat agus an bhfuil samplaí tugtha agat den chaoi ar fhorbair tú iad?		
Caitheamh Aimsire		
An bhfuil níos mó ná liosta gníomhaíochtaí tugtha agat? <i>Mar shampla, más maith leat a bheith ag léamh, abair cén cineál leabhair is maith leat a léamh</i>		
An bhfuil caitheamh aimsire reatha amháin luaite agat? <i>Mura bhfuil mórán caithimh aimsire agat tabhair níos mó eolais fúthu seo - Ná hinis aon bhréag faoi do chaitheamh aimsire</i>	!	
Moltóirí		
Má tá moltóirí luaite agat, an bhfuil cead faighte agat uathu agus míniú tugtha agat dóibh faoi na deiseanna a bhfuil iarratas déanta agat orthu?		
An bhfuil sonraí teagmhála na moltóirí cruinn?		
An bhfuil sé soiléir cén aithne atá ag na moltóirí ort? <i>Má athraíonn moltóir oibre go post eile, abair gur “iarbhainisteoir i...” an moltóir chun an ceangal a mhíniú</i>		
Ginearálta		
An bhfuil do CV seiceáilte ó bhun go barr ó thaobh litrithe, gramadaí agus ceartúsáide teanga de?		
An bhfuil an leagan amach leanúnach? e.g gach cuid sa chlómhéid chéanna etc.		
An bhfuil tús áite / an spás is mó tugtha don eolas is ábhartha?		
An bhfuil sé soiléir ó na ceanteidil cén t-eolas atá le fáil iontu?		
An bhfuil tú cinnte nach bhfuil aon bhearna i do chúlra?		
An bhfuil sé éasca le léamh, an bhfuil an cló leanúnach agus sách mór?		
An bhfuil sé ar dhá leathanach gan a bheith i mullach a chéile?		
An bhfuil cuid de roinnte thar dhá leathanach? (e.g. ná bíodh ceanteideal ag deireadh leathanaigh agus an chuid a bhaineann leis ar an gcéad leathanach eile?)		
An bhfuil an t-eolas tugtha i bpointí urchair seachas in abairtí fada?		
An bhfuil teorainn curtha agat le forainmneacha pearsanta? E.g “Mé”, “mise”, “mo”		